

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Bhuaileamar le do leanbh ar Zoom tráthnóna Dé hAoine chun an próiseas a mhíniú ó thaobh na grádanna ríofa de. Táimid fós ag fanacht le treoir teicniúil do na múinteoirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá sé tábhachtach a rá nach bhfuil cead ag aon mhúinteoir nó ball foirne na grádanna a phlé le dalta nó tuismitheoir i gcás ar bith sula dtéann siad ar aghaidh go dtí an Roinn. Anuas air sin níor chóir do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh le múinteoirí ar an ábhar seo ach an oiread. Nuair atá an t-eolas ar fad againn eagróimid cruinniú Zoom le Tuismitheoirí Bhliain 6.

*We met with your child on Zoom last Friday evening to explain the calculated grades system to them. We are still awaiting technical guidance for teachers from the Department of Education and Skills. It is important to state that under no circumstances can a teacher or member of staff discuss grades with a student or parent before the data is forwarded to the Department. It is also inappropriate for any parent to contact teachers on this subject. When we have all of the information we will organise a Zoom meeting with Sixth Year parents.*

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris